Teastas Eorpach na Gaeilge

Siollabas Bhonnleibhéal 1 (A1)

IONAD NA DTEANGACHA
Language Centre

© Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

1. Réamhrá 3
2. An t-ábhar i siollabas Bonnleibhéal 1 (A1) 3
3. An Ghramadach 4
4. Na foghlaimeoirí agus an próiseas foghlama teanga 5
4.1 Straitéisí foghlama agus cumarsáide 5
4.2 Feasacht teanga 7
5. Cultúr na hÉireann 9
6. Na scileanna 9
6.1 Labhairt agus Cluastuiscint 9
6.2 Léamhthuiscint 9
6.3 Scríbhneoireacht 9
7. Scrúdú Bonnleibhéal 1 (A1) 10
Topaic 1: Ag bualadh le daoine 11
Topaic 2: Cúlra agus áit chónaithe 13
Topaic 3: An teaghlach 16
Topaic 4: An teach agus lóistín 19
Topaic 5: Caitheamh aimsire 22
Topaic 6: An saol laethúil 25
Topaic 7: Buanna agus scileanna 27
Topaic 8: Cúrsaí oibre 30
Topaic 9: Bia agus deoch 33
Topaic 10: Tinneas agus gortuithe 35
Topaic 11: Éadaí agus siopadóireacht 37
Topaic 12: Laethanta saoire agus taisteal 39
Topaic 13: Orduithe 41
Topaic 14: Ag déanamh socruithe 42

1. Réamhrá

- Leagtar síos sa siollabas seo na réimsí úsáidte teanga ba chóir bheith ar chumas na bhfoghlaimeoirí sula dtabharfaidh siad faoi scrúdú *Bonnleibhéal 1* (A1).

- Léiríonn an tábla thíos an chaoi a bhfuil siollabais agus scrúduithe na Gaeilge suite laistigh de *Fráma Tagartha Comónta Eorpach do na Teangacha: Foghlaim, Teagasc agus Measúnú* (Comhairle na hEorpa, 2001).

Fráma Tagartha	Uaireanta staidéir/foghlama	Siollabas na Gaeilge	Scrúdú na Gaeilge
A1	80-100	Siollabas A1	Bonnleibhéal 1
A2	160-200	Siollabas A2	Bonnleibhéal 2
B1	350-400	Siollabas B1	Meánleibhéal 1
B2	500-600	Siollabas B2	Meánleibhéal 2
C1	1000	Siollabas C1	Ardleibhéal 1
C2	1500	***Ar fáil 2010***	***Ar fáil 2010***

2. An t-ábhar i siollabas Bonnleibhéal 1 (A1)

- Leagtar síos sa siollabas an t-íosmhéid teanga atá riachtanach chun go mbeidh foghlaimeoirí in ann feidhmiú sna réimsí sin. Glactar leis go gcuirtear riachtanais na bhfoghlaimeoirí san áireamh i gcónaí agus cúrsaí teagaisc á dhearadh.

- Is siollabas cumarsáideach an siollabas seo. Is é a chiallaíonn sin ná go ndírítear ar fheidhmeanna éagsúla a bhfuil baint acu le topaic nó le hábhar faoi leith. Ansin, tugtar samplaí de na múnlaí cainte a d'fhéadfaí a úsáid chun na feidhmeanna sin a chur i láthair na bhfoghlaimeoirí. Chomh maith leis sin, tugtar liosta focal agus frásaí a bheidh úsáideach agus an t-ábhar sin á mhúineadh sa rang. Ní liostaí iomlána na múnlaí cainte agus an stór focal atá sa siollabas seo, agus molaimid do mhúinteoirí riachtanais na bhfoghlaimeoirí a chur san áireamh agus iad ag ullmhú a gcúrsaí féin.

- Tá an-tábhacht ag baint le riachtanais na bhfoghlaimeoirí a chur san áireamh agus cúrsa teagaisc ar bith á chur le chéile. Sula ndéantar aon ábhar teagaisc a réiteach, ba chóir úsáid a bhaint as ceistneoirí nó agallaimh chun eolas cuimsitheach a bhailiú ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí. Mar shampla, cén caitheamh aimsire atá acu, cén cineál oibre a dhéanann siad, cá bhfuil siad ina gcónaí, cad iad na scileanna atá acu, cad iad na rudaí ar mhaith leosan díriú orthu sa rang agus araile. Agus eolas den chineál sin bailithe, is féidir na riachtanais agus na spéiseanna atá ag na foghlaimeoirí a chur san áireamh agus ábhar á réiteach don seomra ranga.

- Is féidir le múinteoirí an t-ábhar atá sa siollabas a chur le chéile cibé bealach atá oiriúnach don chúrsa teagaisc atá á chur le chéile acu. Is é sin le rá nach gá cloí le hord nó le leagan amach na n-aonad anseo. Mar sin féin, tá sé tábhachtach na feidhmeanna éagsúla agus na heiseamláirí teanga a chlúdach.

- Sa siollabas seo, glactar leis go gcuirfidh na múinteoirí na samplaí teanga in oiriúint do cibé canúint atá in úsáid acu féin. Uaireanta, tugtar samplaí de nathanna tábhachtacha sna mórchanúintí, mar shampla, an chaoi le beannú do dhuine: '*Cad é mar atá tú?*', '*Cén chaoi a bhfuil tú?*' agus '*Conas tá tú?*'. Bheifí ag súil leis ag an leibhéal seo go mbeadh na foghlaimeoirí in ann leagan amháin acu seo a úsáid gan stró agus go dtuigfeadh siad an dá cheann eile. Mar an gcéanna le gnéithe eile den stór focal (mar shampla '*druid*'/'*dún*') agus den ghramadach (mar shampla '*ar an bhóthar*'/'*ar an mbóthar*'). Is leor ag na leibhéil seo go mbeadh na foghlaimeoirí in ann leagan amháin a úsáid mar is ceart agus na leaganacha eile a thuiscint.

3. An Ghramadach

- Ceann de na nithe is suntasaí faoin siollabas cumarsáideach ná an chaoi a gcuirtear an ghramadach i láthair. Sna siollabais thraidisiúnta, tugadh tús áite do mhúineadh na gramadaí, ach i siollabas cumarsáideach, déantar na míreanna gramadaí a mhúineadh i gcomhthéacs na n-ábhar agus na dtopaicí. Mar shampla i dTopaic 3 (An Teaghlach), déantar na huimhreacha pearsanta ó dhuine go deichniúr a chur i láthair na bhfoghlaimeoirí. Nílimid ag moladh gur cheart gach riail a bhaineann leis na huimhreacha pearsanta a chur i láthair na bhfoghlaimeoirí ag an leibhéal seo. Is leor ag leibhéal A1 go dtuigfeadh foghlaimeoir an cheist '*Cé mhéad deartháir atá agat?*' agus go mbeidís in ann freagra lom ar nós '*Beirt*' a thabhairt ar ais. Cinnte, glacaimid leis, nár chóir faillí a dhéanamh i bpointí lárnacha gramadaí agus gur minic a bhíonn sé úsáideach díriú go foirmeálta ar phointe gramadaí faoi leith.

4. Na foghlaimeoirí agus an próiseas foghlama teanga

- Is maith atá a fhios ag múinteoirí nach ionann mar a éiríonn le gach foghlaimeoir agus é nó í i mbun teanga a fhoghlaim. Tá go leor rudaí a mbíonn tionchar acu ar rath na foghlama, mar shampla, cúlra an fhoghlaimeora, pearsantacht, aois, spreagadh agus araile.

- Tá a fhios againn anois go bhfuil an-tábhacht ag baint leis an chaoi a dtéann an foghlaimeoir i mbun an phróisis fhoghlama. Dá mhéad machnaimh a dhéanann siad orthu féin mar fhoghlaimeoirí, ar na laigí agus na buanna atá acu agus na straitéisí a mbaineann siad úsáid astu, is amhlaidh is fearr a éireoidh leo agus iad i mbun teanga a fhoghlaim.

- Ní féidir glacadh leis go mbíonn an machnamh seo ar siúl ag na foghlaimeoirí go léir ná fiú go dtuigeann siad an tábhacht atá lena leithéid de chur chuige. Mar sin de, tá sé de dhualgas ar an mhúinteoir na foghlaimeoirí a spreagadh agus a threorú chun eolas a chur ar a stíl fhoghlama féin agus le níos mó eolais a chur ar na cleasanna a chabhraíonn leo dul chun cinn a dhéanamh san fhoghlaim.

- Seo a leanas cuid de na rudaí ar cheart díriú orthu sa phróiseas teagaisc agus foghlama chun cabhrú leis na foghlaimeoirí tairbhe iomlán a bhaint as a gcuid staidéir.

4.1 Straitéisí foghlama agus cumarsáide

- Is cuid nádúrtha den fhoghlaim teanga é botúin a dhéanamh agus is cinnte go dtagann deacrachtaí chun cinn le linn d'fhoghlaimeoirí bheith ag iarraidh an teanga a úsáid. Cabhraíonn straitéisí cumarsáide leis na foghlaimeoirí a bheith níos éifeachtaí agus iad ag caint, mar go mbíonn siad ag pleanáil cad é atá siad chun a rá, ag coinneáil súil ar cén chaoi a bhfuil ag éirí leo agus ag glacadh céimeanna le rudaí a chur ina gceart nuair a thagann fadhbanna chun cinn. Cabhraíonn straitéisí cúitimh leo teacht slán nuair a bhíonn bearnaí ina gcuid eolais a chuirfeadh bac ar an chumarsáid.

- Rachaidh sé chun sochair do na foghlaimeoirí neart deiseanna a bheith acu ar feadh an phróisis fhoghlama chun úsáid na straitéisí seo a fhorbairt agus cur chuige níos gníomhaí a ghlacadh maidir lena gcuid foghlama féin. Ba chóir do na múinteoirí iarracht leanúnach a dhéanamh leis na foghlaimeoirí a chur ar an eolas faoi conas an straitéis chuí a úsáid. Ní leor plé aon uaire sa seomra ranga. Caithfidh úsáid straitéisí a bheith ina dlúthpháirt leanúnach den teagasc agus ar cheann de na prionsabail ar a mbunaítear an cur chuige teagaisc ar fad. Ní hé go bhfuil straitéisí agus cleasanna ar leith le teagasc do na foghlaimeoirí. Is é is tábhachtaí ná go gcabhrófaí leo na straitéisí maithe a mbaineann siad úsáid astu cheana a aithint agus straitéisí eile a chabhródh leo a fhorbairt de réir a chéile.

- Seo thíos *cuid de na straitéisí* ar cheart do na foghlaimeoirí leas a bhaint astu:

Mar chainteoirí:

- Ag cúiteamh nuair a bhíonn bearna ina gcuid eolais:

  - Cabhair a lorg i dtaca le focal/frása/pointe faoi leith.

  Cén Ghaeilge atá air...?
  Conas a deirtear…?

- - Ceist a chur ar dhaoine ar thuig siad an méid atá ráite.

  An dtuigeann tú sin?

- Ag coinneáil súil ar conas atá ag éirí leo:

  - Ceist a chur ar dhuine/dhaoine eile an bhfuil an méid a dúirt siad ceart.

  An bhfuil sin ceart?

Mar éisteoirí

- A chur in iúl nach dtuigeann siad rud éigin.
  Tá brón orm. Ní thuigim sin.
  Gabh mo leithscéal, ach ní thuigim sin.

- Soiléiriú a lorg.
  Cad é a chiallaíonn…?
  An bhféadfá é sin a mhíniú dom, le do thoil?

- Athrá a lorg.
  Arís, le do thoil.

- Deimhniú a lorg gur thuig siad i gceart cad é a bhí i gceist.
  An é an 'An Fhraincis' a dúirt tú?

- Iarraidh ar dhuine labhairt níos moille.
  An bhféadfá labhairt níos moille, le do thoil?

Mar fhoghlaimeoirí go ginearálta

- Eolas a chur ar a stíl fhoghlama féin. Cad iad na rudaí a chabhraíonn leo agus cad iad na rudaí a chuireann bac orthu? Cad iad na straitéisí a mbaineann siad úsáid astu?
- A gcuid staidéir a phleanáil. Laigí agus deacrachtaí a bhíonn acu a aithint
  agus díriú orthu sin.
- Pleanáil sula dtugann siad faoi thascanna.
- Súil a choinneáil ar conas atá ag éirí leo le linn dóibh a bheith ag gabháil do thasc ar leith agus don fhoghlaim go ginearálta.

Le linn dóibh bheith ag obair ar théacs nó ar thasc

- Athrá a dhéanamh os ard nó ós íseal ar fhocail nó ar struchtúir.
- An úsáid chuí a bhaint as foclóirí, leabhair ghramadaí, liostaí téarmaíochta agus foinsí eile.
- Rangú agus ord a chur ar ábhair nua atá á bhfoghlaim acu.
- Nóta/achoimre a dhéanamh de na príomhphointí.
- Cabhair a lorg. Mar shampla, athrá/soiléiriú/comhairle/samplaí breise a lorg ón mhúinteoir nó ó dhaoine eile.
- Comhoibriú le foghlaimeoirí eile.

4.2 Feasacht teanga

- Baineann feasacht teanga leis an tuiscint atá ag na foghlaimeoirí ar an phróiseas foghlama teanga agus an machnamh a dhéanann siad faoin chaoi a bhfeidhmíonn an teanga.
- Is cinnte go mbaineann na foghlaimeoirí leas agus tairbhe as a leithéid de chur chuige agus iad ag sealbhú na teanga. Ba cheart na foghlaimeoirí a threorú agus a spreagadh chun go mbeidh siad fiosrach faoi na nithe seo a leanas:
  - an chaoi a n-oibríonn an teanga
  - na patrúin éagsúla atá le haimsiú laistigh den teanga
  - na cosúlachtaí agus na difríochtaí atá idir an Ghaeilge agus an Béarla
  - na cosúlachtaí agus na difríochtaí atá idir an Ghaeilge agus teangacha eile atá ar eolas ag an fhoghlaimeoir

- Ba chóir díriú ar ghnéithe éagsúla den fheasacht teanga ar bhonn leanúnach le linn an phróisis teagaisc. Is féidir úsáid a bhaint as téacsanna oiriúnacha, idir théacsanna scríofa, théacsanna éisteachta agus théacsanna físe leis na foghlaimeoirí a spreagadh chun machnamh ar na hábhair seo. Is é aidhm an chuir chuige seo ná cabhrú leis an phróiseas sealbhaithe teanga trí dheiseanna a chur ar fáil do na foghlaimeoirí bearnaí ina gcuid eolais féin a aithint, go háirithe sa labhairt.

Seo thíos ***roinnt samplaí*** de na nithe ar cheart aird na bhfoghlaimeoirí a dhíriú orthu:

- Téarmaíocht na gramadaí. Tá sé tábhachtach go mbeadh na foghlaimeoirí eolach ar théarmaí gramadaí na Gaeilge chun go mbeidh siad in ann labhairt faoin teanga agus chun go mbeidh siad in ann an úsáid cheart a bhaint as foclóirí agus áiseanna tagartha eile.

- Difríochtaí idir comhréir na Gaeilge agus comhréir an Bhéarla. Féach na samplaí thíos:

I went to the shop.	Chuaigh mé go dtí an siopa.
The black book.	An leabhar dubh.
He has long black hair.	Tá gruaig fhada dhubh air.

- An chaoi a mbíonn an bhéim san abairt difriúil sa Ghaeilge agus sa Bhéarla. Mar shampla:

  Bríd: Is maith liom ceol. An maith leat***sa*** ceol?

  Botún coitianta sa Ghaeilge ná ‘leat’ mar atá sa sampla thuas a fhuaimniú a fhuaimniú ar nós ***you*** (*emphatic*) an Bhéarla i.e. leas a bhaint as béim an ghutha in áit an treisitheoir ‘sa’ a chur leis an fhocal ‘leat’.

- Patrúin éagsúla i ngramadach na Gaeilge a aithint. D’fhéadfaí úsáid a bhaint as téacsanna oiriúnacha agus iarraidh ar fhoghlaimeoirí a n-aird a dhíriú ar phatrúin éagsúla a thagann chun cinn. Mar shampla, déirí éagsúla na n-ainmfhocal iolra agus na hathruithe a tharlaíonn ag deireadh briathair san aimsir fháistineach.
- An cineál teanga a mbaintear úsáid aisti i gcomhthéacsanna difriúla. Mar shampla nuair a bhítear ag tabhairt orduithe do pháistí agus nuair a bhítear ag tabhairt orduithe do dhaoine fásta. (Féach Topaic 13 Orduithe).

- Na canúintí. D’fhéadfaí cabhrú leis na foghlaimeoirí tuiscint a fháil ar na difríochtaí idir na canúintí trína n-aird a dhíriú ar na leaganacha atá le fáil sna canúintí éagsúla. Mar shampla, na focail a úsáidtear sna canúintí (‘*bord’/’tábla’* nó ‘*buachaill’/’garsún’*), na beannachtaí difriúla a úsáidtear agus araile.

- Cúrsaí foghraíochta. D’fhéadfaí aird na bhfoghlaimeoirí a dhíriú ar chuid de na príomhdhifríochtaí idir foghraíocht an Bhéarla agus foghraíocht

na Gaeilge. Mar shampla go bhfuil beagnach dhá oiread consan sa Ghaeilge seachas mar atá sa Bhéarla (‘*dó’/’deo’,’ gal’/’geal’, ‘paca’/’peaca’*) agus araile.

5. Cultúr na hÉireann

- Beidh roinnt foghlaimeoirí ann nach as Éirinn iad, nó atá ag déanamh staidéir ar an Ghaeilge i dtíortha thar lear. Ba chóir buneolas a thabhairt dóibh maidir le príomhghnéithe de chultúr an hÉireann, go háirithe na gnéithe sin atá bainteach leis an Ghaeilge agus leis an Ghaeltacht.

- Molaimid nár cheart gur aonad faoi leith teagaisc a bheadh i gceist anseo ach go ndéanfaí tagairt do ghnéithe áirithe den chultúr de réir mar a thagann siad chun cinn in obair an ranga.

- Seo roinnt rudaí ar cheart díriú orthu; na hainmneacha agus na sloinnte atá coitianta in Éirinn, roinnt de na príomhlogainmneacha sa tír, mórfhéilte na hÉireann, buneolas ar an amhránaíocht, an damhsa agus an ceol Gaelach, buneolas ar na ceantair Ghaeltachta.

6. Na scileanna

Seo thíos léiriú gearr ar na rudaí is féidir le foghlaimeoir a bhfuil leibhéal A1 bainte amach aige nó aici a dhéanamh sna scileanna éagsúla.

6.1 Labhairt agus Cluastuiscint
Ag an leibhéal seo beidh foghlaimeoirí in ann focail aonaracha agus abairtí an-simplí a sholáthar agus iad páirteach i gcomhrá faoi thopaicí agus ábhair choitianta a bhaineann go dlúth lena ngnáthshaol féin (féach na topaicí sa siollabas seo). Mar shampla, beidh siad in ann cur síos an-bhunúsach a dhéanamh orthu féin, an áit a bhfuil cónaí orthu, an obair a dhéanann siad agus na rudaí a dhéanann siad ar bhonn laethúil. Ba chóir go dtuigfidís caint shimplí atá mall agus an-soiléir chomh fada agus a bhaineann an topaic le hábhair de chuid an ghnáthshaoil. Beidh siad ag brath cuid mhór ar dhaoine eile cabhrú leo ina gcuid iarrachtaí le cumarsáid a dhéanamh.

6.2 Léamhthuiscint
Tuigfidh na foghlaimeoirí téacsanna atá an-simplí agus an-ghearr chomh fada agus a bhaineann siad go dlúth leis an ghnáthshaol. Is ar bhonn frása ar fhrása a bhainfidh siad ciall as an téacs, ag aimsiú ainmneacha, focal agus bunfhrásaí aitheanta. Beidh orthu an téacs a athléamh de réir mar is gá.

6.3 Scríbhneoireacht
Ag an leibhéal seo beidh na foghlaimeoirí in ann focail aonaracha a scríobh ar fhoirmeacha atá an-bhunúsach agus a leithéidí. Beidh siad in ann frásaí an-

simplí a scríobh, mar shampla *'Is maith liom ceol'*. I scrúdú *Bonnleibhéal 1* (A1) ní bhíonn ach focail aonaracha le scríobh ag na hiarrthóirí.

7. Scrúdú Bonnleibhéal 1 (A1)

Tá gach eolas faoin scrúdú seo agus gach a mbaineann le Teastas Eorpach na Gaeilge (**teg**) le fáil ag:
www.teg.ie

Topaic 1: Ag bualadh le daoine

	Feidhmeanna	**Samplaí**
1.1	Ag beannú do dhuine agus ag beannú ar ais do dhuine	Dia duit. Dia is Muire duit. Cad é mar atá tú? Cén chaoi a bhfuil tú? Conas tá tú? Go maith, go raibh maith agat. Agus tú féin? Go breá.
1.2	Ag cur ceiste ar dhuine an bhfuil sé go maith agus ag freagairt na ceiste sin	An bhfuil tú go maith? Tá. Tá mé go breá, go raibh maith agat.
1.3	Do chur féin in aithne	Liam is ainm dom. Is mise Síle.
1.4	Ag fiafraí de dhuine cén t-ainm atá air/uirthi agus ag freagairt na ceiste sin	Cad is ainm duit?/C'ainm atá ort?/Cén t-ainm atá ort? Siobhán. Micheál. Cad is ainm duitse?/C'ainm atá ortsa?/Cén t-ainm atá ortsa?
1.5	Ag rá le duine go bhfuil sé go deas bualadh leis/léi	Tá sé go deas bualadh leat.
1.6	Ag iarraidh agus ag tabhairt uimhir theileafóin	Cad é d'uimhir theileafóin? A náid a hocht a seacht, a trí a cúig a náid a dó a ceathair a sé
1.7	Ag cur daoine in aithne dá chéile	Seo é Liam. Seo í Aoife. Seo iad Síle agus Eoghan.
1.8	Ag fágáil slán ag duine	Slán leat. Slán agat. Slán go fóill.

Nóisin ghinearálta (Gramadach)	**Samplaí**
Forainmneacha	mé, tú, sé, sí, etc.
An dara pearsa uatha agus iolra de na forainmneacha réamhfhoclacha **do** agus **ar**	duit, daoibh ort, oraibh
Foirmeacha treise	ortsa, duitse, etc.
Ceisteanna agus freagraí san aimsir láithreach	Cad is ainm duit? Muiris.

Sain-nóisin (Stór focal)	**Samplaí**
Uimhreacha 0-10	a haon, a dó, a trí, etc.

Beidh an foghlaimeoir ábalta …

Labhairt:
Beannachtaí simplí a úsáid agus slán a fhágáil ag duine, agus eolas an-bhunúsach a thabhairt faoi féin.

Éisteacht:
Ceisteanna simplí ag baint le cúlra, mar aon le beannachtaí, a thuiscint.

Léamh:
Focail agus frásaí a bhaineann le heolas pearsanta a aithint (e.g. ar fhoirm iarratais).

Scríobh:
Roinnt sonraí pearsanta a bhreacadh síos (e.g. ar fhoirm iarratais).

Topaic 2: Cúlra agus áit chónaithe

	Feidhmeanna	Samplaí
2.1	Ag fiafraí de dhuine cé as é/í agus ag freagairt na ceiste sin	Cé as tú?/Cad as duit? (Is) as an Spáinn mé/dom. Cé as tú féin?/Cad as duit féin?
2.2	Ag fiafraí de dhuine cá bhfuil sé ina chónaí agus ag freagairt na ceiste sin	Cá bhfuil tú i do chónaí?/ (Tá mé i mo chónaí) i gCorcaigh.
2.3	Ag cur náisiúntachta in iúl	Is Éireannach mé. Is Sasanach mé. An Spáinneach tú? Is ea/Ní hea, ach Iodálach.
2.4	Ag cur ceiste ar dhuine cén seoladh atá aige/aici agus ag freagairt na ceiste sin	Cén seoladh atá agat? 21 Bóthar na Carraige.
2.5	Ag cur ceiste cá bhfuil áit agus ag freagairt na ceiste sin	Cá bhfuil sé sin? I gCorcaigh. In aice le Sligeach. Gar do Luimneach. Cúpla míle ó Dhoire.
2.6	Ag déanamh cur síos ar áiseanna i do cheantar agus ag cur ceiste ar dhuine eile faoi áiseanna ina c(h)eantarsan.	An bhfuil áiseanna maithe sa cheantar? Tá siopaí, scoil agus oifig phoist ann. An bhfuil linn snámha ann? Tá/Níl.

Nóisin ghinearálta (Gramadach)	**Samplaí**
Na réamhfhocail **as** agus **i**	As Baile Átha Cliath. I mBaile Átha Cliath.
Na réamhfhocail **do, le** agus **ó**	Tá sé gar do Luimneach. Tá sé in aice le Gaillimh. Tá sé cúpla míle ó Dhoire.
Foirmeacha ceisteacha	An bhfuil…? Cá bhfuil…?
An dara pearsa uatha agus iolra de na forainmneacha réamhfhoclacha **do** agus **ag**	duit, daoibh agat, agaibh
Aidiachtaí sealbhacha	mo, do
An chopail	Is Iodálach mé.

Sain-nóisin (Stór focal)	**Samplaí**
Áiteanna	sráidbhaile baile cathair contae faoin tuath cois farraige
Áiseanna	siopa(í) banc ollmhargadh scoil oifig (an) Phoist teach (tithe) tábhairne óstán linn snámha
Náisiúntacht (go háirithe náisiúntacht an fhoghlaimeora)	Éireannach Sasanach Meiriceánach Francach Spáinneach Iodálach

Beidh an foghlaimeoir ábalta …

Labhairt:
Eolas bunúsach a thabhairt faoi/fúithi féin maidir leis na rudaí seo a leanas: náisiúntacht, áit ar rugadh é/í, áit chónaithe. Beidh sé/sí in ann ceisteanna bunúsacha a chur ar dhaoine eile faoi na hábhair chéanna. Beidh sé/sí in ann na príomháiseanna atá le fáil sa cheantar a ainmniú agus ceist a chur ar dhuine eile faoi na príomháiseanna atá le fáil ina c(h)eantar siúd.

Éisteacht:
Tuigfidh an foghlaimeoir ceisteanna simplí a bhaineann le cúlra agus áit chónaithe. Beidh tuiscint acu ar chur síos simplí ó dhaoine eile faoi na príomhrudaí atá le fáil ina gceantar.

Léamh:
Beidh na foghlaimeoirí in ann na príomhfhocail a bhaineann leis an ábhar seo a aithint. Mar shampla, na focail ‘náisiúntacht’ agus ‘áit chónaithe’ ar fhoirm. Beidh siad in ann na príomhfhocail a bhaineann le seirbhísí a thuiscint. Mar shampla, ‘banc’, ‘oifig (an) phoist’ agus araile.

Scríobh:
Beidh na foghlaimeoirí in ann focail faoi leith a bhaineann leo féin a scríobh ar fhoirm. Mar shampla, náisiúntacht agus áit chónaithe.

Topaic 3: An teaghlach

	Feidhmeanna	**Samplaí**
3.1	Ag labhairt faoi do stádas pósta	Tá/Níl mé pósta. Tá mé singil. Tá mé scartha. Tá mé colscartha. Is baintreach (fir) mé.
3.2	Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi stádas pósta	An bhfuil tú pósta? Tá/Níl. An bhfuil tusa/tú féin pósta? Níl. Tá mé singil.
3.3	Ag labhairt faoi pháistí	Tá clann/páistí agam. Níl páistí ar bith againn. Tá mé/Táimid ag súil le páiste.
3.4	Ag fiafraí de dhuine an bhfuil páistí aige agus ag freagairt na ceiste sin	An bhfuil páistí agat?/An bhfuil clann agat? Tá.
3.5	Ag fiafraí de dhuine cé mhéad páiste atá aige agus ag freagairt na ceiste sin	Cé mhéad páiste atá agat? Beirt.
3.6	Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi do chuid deartháireacha agus deirfiúracha	Cé mhéad deartháir atá agat? Triúr. Cé mhéad deirfiúr atá agat? Ceathrar.
3.7	Ag cur ball éagsúil den teaghlach in aithne	Seo é mo mhac Tomás. Seo í m'iníon Deirdre. Seo iad mo thuismitheoirí. An bhfuil aithne agat ar mo dheartháir? An bhfuil aithne agat ar mo dheirfiúr?

Nóisin ghinearálta (Gramadach)	**Samplaí**
Ceisteanna agus freagraí san aimsir láithreach	An bhfuil tú pósta? Tá/Níl.
An dara pearsa uimhir uatha agus iolra den fhorainm réamhfhoclach **ag**	agat, agaibh
Uimhreacha pearsanta	duine amháin – deichniúr
Cé mhéad + uimhir uatha	Cé mhéad páiste atá agat?

Sain-nóisin (Stór focal)	**Samplaí**
stádas pósta	pósta singil scartha colscartha baintreach (fir)
daoine	deartháir deirfiúr mac iníon fear céile bean chéile athair máthair tuismitheoirí
uimhreacha pearsanta	duine amháin – deichniúr

Beidh an foghlaimeoir ábalta …

Labhairt:
Eolas bunúsach a thabhairt faoina stádas pósta agus faoina t(h)eaghlach / c(h)lann.

Éisteacht:
Ceisteanna simplí ag baint leis an teaghlach a thuiscint; a bheith in ann focail agus frásaí a thuiscint i gcomhrá faoin teaghlach.

Léamh:
Focail agus frásaí a bhaineann leis an teaghlach a aithint (e.g. ar fhoirm iarratais).

Scríobh:
Sonraí pearsanta ag baint le stádas pósta agus an teaghlach a bhreacadh síos (e.g. ar fhoirm iarratais).

Topaic 4: An teach agus lóistín

	Feidhmeanna	Samplaí
4.1	Ag ainmniú na bpríomhsheomraí sa teach	Cistin Seomra suí
4.2	Ag cur ceiste cé mhéad seomra codlata atá sa teach agus ag freagairt na ceiste sin	Cé mhéad seomra codlata sa teach/atá ann? Trí cinn.
4.3	Ag ainmniú troscáin agus trealaimh	Tábla/bord Cathaoir Cuisneoir Sorn
4.4	Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi lóistín	Cá bhfuil tú ag fanacht? Tá mé ag roinnt árasáin le cara liom. Tá mé ag roinnt tí le triúr eile. Tá mé i mo chónaí i m'aonar/ liom féin.
4.5	Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi chíos	An bhfuil sé daor? Níl sé ródhaor – trí chéad euro sa mhí. Tá sé daor go leor – cúig chéad sa mhí.
4.6	Ag lorg agus ag tabhairt tuairimí faoi theach/lóistín	An maith leat é? Is maith. Tá sé ciúin. Tá sé ceart go leor. Ní maith. Ní réitím go maith leis na daoine eile.
4.7	Ag cur ceiste cá bhfuil an leithreas agus ag freagairt na ceiste sin	Cá bhfuil an leithreas, le do thoil? An chéad doras ar dheis. Tá sé ansin ar chlé.

Sain-nóisin (Stór focal)	**Samplaí**
Seomraí	an seomra suí an seomra codlata an halla an chistin an seomra folctha an leithreas
Troscán agus trealamh	tábla cathaoir/cathaoireacha tolg leaba cuisneoir sorn teach teach dhá stór doras fuinneog thuas staighre thíos staighre

Nóisin ghinearálta (Gramadach)	**Samplaí**
An t-alt agus ainmfhocail	an tábla an chathaoir
Ag comhaireamh rudaí	dhá sheomra trí sheomra
Na horduimhreacha (1-10)	an chéad doras
Ceann	ceann amháin dhá cheann trí cinn

Beidh an foghlaimeoir ábalta …

Labhairt:
Na príomhsheomraí agus cuid de na príomhrudaí atá le fáil i dteach a ainmniú. Treoracha a lorg laistigh den teach. A rá cén cineál lóistín atá aige/aici féin agus ag tabhairt eolais an-simplí faoin lóistín sin.

Éisteacht:
Ceisteanna simplí faoina bhfuil sa teach a thuiscint. Cur síos simplí a bhaineann le cúrsaí lóistín a thuiscint. Treoracha simplí a bhaineann leis an teach a thuiscint.

Léamh:
Ainmneacha na seomraí agus cuid de na príomhrudaí atá le fáil i dteach a aithint. Comhrá simplí scríofa ar an ábhar seo a léamh.

Scríobh:
Ainmneacha na seomraí agus cuid de na príomhrudaí atá le fáil i dteach a scríobh síos. Cuntas an-simplí a scríobh faoin chineál lóistín atá acu féin.

Topaic 5: Caitheamh aimsire

	Feidhmeanna	**Samplaí**
5.1	Ag fiafraí de dhuine cad é a dhéanann sé nuair a bhíonn sé saor agus ag freagairt na ceiste sin	Cad é/Céard a dhéanann tú nuair a bhíonn am saor agat? Imrím galf. Téim ag snámh. Féachaim ar an teilifís. Éistim le ceol. Téim go dtí an phictiúrlann.
5.2	Ag fiafraí de dhuine an ndéanann sé caitheamh aimsire áirithe agus ag freagairt na ceiste sin	An imríonn tú leadóg? Imrím/Ní imrím. An dtéann tú go dtí an phictiúrlann? Téim/Ní théim.
5.3	Ag fiafraí de dhuine an maith leis/léi caitheamh aimsire áirithe agus ag freagairt na ceiste sin	An maith leat ceol traidisiúnta? An maith leat spórt? Is maith/Ní maith. Is breá liom é. Is fuath liom é.
5.4	Ag cur tuairimí in iúl faoi chaitheamh aimsire	Is fuath liom spórt. Níl suim dá laghad agam sa cheol traidisiúnta. Ní maith liom dul go tithe tábhairne.
5.5	Ag rá cá huair a dhéanann tú rudaí éagsúla	Imrím leadóg Dé Máirt. Téim ag siúl i gcónaí Dé Domhnaigh. Téim chuig ceolchoirm go minic Dé hAoine.

Nóisin ghinearálta (Gramadach)	**Samplaí**
Ceisteanna agus freagraí san aimsir láithreach	An imríonn tú leadóg? Imrím/Ní imrím.
An chopail	Is fuath liom spórt.
An réamhfhocal **i** + an t-alt	Sa pheil
Dobhriathra ama	go minic anois is arís I gcónaí

Sain-nóisin (Stór focal)	**Samplaí**
Caitheamh aimsire (go háirithe caitheamh aimsire an fhoghlaimeora)	amharclann pictiúrlann an teach tábhairne téigh chuig/go dtí … dráma scannán ceolchoirm an teilifís féach ar … an raidió éist le … clár nuacht scannán ceol seinn amhrán can spórt (snámh, leadóg, galf, rugbaí, siúl, peil, iomáint, sacar) imir féach ar bain/buaigh
Laethanta na seachtaine	Dé Luain Dé Máirt Dé Céadaoin Déardaoin Dé hAoine Dé Sathairn Dé Domhnaigh

Beidh an foghlaimeoir ábalta …

Labhairt:
Tuairimí simplí a chur in iúl faoi chaitheamh aimsire agus a rá cén caitheamh aimsire a thaitníonn leis/léi.

Éisteacht:
Ceisteanna simplí ag baint le caitheamh aimsire a thuiscint; a bheith in ann focail agus frásaí a thuiscint i gcomhrá faoi chaitheamh aimsire.

Léamh:
Ainmneacha caitheamh aimsire a aithint agus na príomhphointí a thuiscint i gcuntas scríofa ar imeacht.

Scríobh:
Cur síos simplí a scríobh faoin chaitheamh aimsire, a rá cad iad na cinn a thaitníonn agus nach dtaitníonn leis/léi.

Topaic 6: An saol laethúil

	Feidhmeanna	**Samplaí**
6.1	Ag cur ceiste cén t-am atá sé agus ag freagairt na ceiste céanna	Cén t-am atá sé? (Tá sé) a dó a chlog.
6.2	Ag rá cén t-am a dhéanann tú rudaí éagsúla	Éirím ar a seacht a chlog. Tagaim abhaile ar a sé a chlog.
6.3	Ag cur ceiste ar dhuine cén t-am a dhéanann sé/sí rud éigin	Cén t-am a théann tú/tusa ag obair?
6.4	Ag labhairt faoi na rudaí a dhéanann tú gach lá	Tosaím ag obair ar a naoi. Ithim mo dhinnéar idir a seacht agus a hocht. Casaim le cairde sa tráthnóna.
6.5	Ag cur ceiste ar dhuine an ndéanann sé/sí rud áirithe	An éiríonn tú go luath? Éirím/Ní éirím. An mbíonn tú sa bhaile go luath? Bím/Ní bhím.

Nóisin ghinearálta (Gramadach)	**Samplaí**
An aimsir láithreach den bhriathar	éirím, ithim, ólaim, téim, déanaim…
Ag cur agus ag freagairt ceisteanna san aimsir láithreach	An dtéann tú? Téim/Ní théim An éiríonn tú…? Éirím/Ní éirím.
Uimhreacha agus am	A haon a chlog a dó a chlog… leathuair tar éis/I ndiaidh ceathrú chun/go dtí
ar + séimhiú	ar cheathrú go dtí a trí

Sain-nóisin (Stór focal)	**Samplaí**
Béilí	bricfeasta lón dinnéar (sos) tae (sos) caife
Focail a bhaineann leis an saol laethúil	obair/scoil/siopadóireacht… Féach chomh maith: *Caitheamh aimsire*.
Minicíocht/tréimhsí ama	de ghnáth anois is arís go minic idir

Beidh an foghlaimeoir ábalta …

Labhairt:
Cur síos an-simplí a thabhairt ar na rudaí a dhéanann sé/sí de ghnáth agus ceisteanna simplí a chur ar dhuine eile faoin ábhar céanna.

Éisteacht:
Tuigfidh an foghlaimeoir ceisteanna simplí faoi ghnáthimeachtaí laethúla. Beidh tuiscint acu ar chur síos an-simplí ó dhaoine eile faoi ghnáthimeachtaí laethúla.

Léamh:
Beidh na foghlaimeoirí in ann focail agus frásaí an-simplí a bhaineann leis an ábhar seo a léamh. Mar shampla, an t-am, imeachtaí, ionaid.

Scríobh:
Beidh na foghlaimeoirí in ann frásaí an-simplí a scríobh faoin saol laethúil atá acu féin. Mar shampla, nóta simplí a scríobh: ‘Dinnéar Dé Domhnaigh ag 7.30?’ nó nóta gearr a scríobh i ndialann.

Topaic 7: Buanna agus scileanna

	Feidhmeanna	**Samplaí**
7.1	Ag cur ceiste ar dhuine an bhfuil sé/sí ábalta rud éigin a dhéanamh agus ag freagairt na ceiste sin	An bhfuil clóscríobh agat? An bhfuil ceol agat? An bhfuil Fraincis agat?
7.2	Ag rá cé chomh maith is atá tú ag rud éigin	Tá mé cuibheasach/measartha/réasúnta maith. Níl mé rómhaith. Tá mé ag foghlaim.
7.3	Ag rá cé chomh furasta nó deacair atá rud éigin	Tá sé furasta/éasca. Tá sé furasta go leor. Tá sé an-deacair. Tá sé ródheacair.
7.4	Ag cur ceiste ar dhuine cad é chomh maith is atá ag éirí leis agus ag freagairt na ceiste sin	Conas atá ag éirí leat? Tá ag éirí go maith liom. Maith go leor. Níl ag éirí go rómhaith liom.
7.5	Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi theangacha	Cé mhéad teanga atá agat? Trí cinn – Fraincis, Béarla agus Gaeilge.
7.6	Ag rá cé chomh maith is atá teanga agat	Tá mé líofa. Tá Fraincis líofa agam. Tá mé measartha maith. Níl agam ach beagán Gearmáinise.
7.7	Ag déileáil le deacrachtaí cumarsáide	Tá brón orm. Ní thuigim. Gabh mo leithscéal, an féidir leat é sin a rá arís, le do thoil? Cad é a chiallaíonn …? An bhféadfá é sin a litriú? An bhféadfá labhairt níos moille, le do thoil?

Nóisin ghinearálta (Gramadach)	**Samplaí**
Ceisteanna agus freagraí san aimsir láithreach	An bhfuil clóscríobh agat? Tá/Níl.
An forainm réamhfhoclach **ag**	agam, agat
Na réimíreanna **ró-** agus **an-**	rómhaith an-deacair
Aidiachtaí	furasta/éasca deacair
Ceann	ceann amháin dhá cheann sé cinn

Sain-nóisin (Stór focal)	**Samplaí**
Scileanna (na cinn atá ag an fhoghlaimeoir san áireamh)	clóscríobh snámh ceol an giotár an fheadóg stáin an pianó seinn …
Cumas	maith cuibheasach/measartha/réasúnta an-mhaith
Deacracht	furasta/éasca deacair
Teangacha (na cinn atá ag an fhoghlaimeoir san áireamh)	Fraincis Gearmáinis Spáinnis Iodáilis Béarla

Beidh an foghlaimeoir ábalta …

Labhairt:
A rá cad iad na buanna atá aige/aici agus cad é chomh maith is atá sé/sí ag rudaí éagsúla.

Éisteacht:
Ceisteanna simplí ag baint le cumas/scileanna a thuiscint; a bheith in ann focail agus frásaí a thuiscint i gcomhrá faoi scileanna/cumas; déileáil le deacrachtaí cumarsáide.

Léamh:
Ainmneacha teangacha áirithe a aithint mar aon le focail agus frásaí a bhaineann le cumas.

Scríobh:
Cur síos simplí a scríobh faoina scileanna agus cumas.

Topaic 8: Cúrsaí oibre

	Feidhmeanna	**Samplaí**
8.1	Ag cur ceiste ar dhuine cén obair a dhéanann sé agus ag freagairt na ceiste sin	Cén obair a dhéanann tú?/Cén post atá agat? Is tiománaí bus mé. Cén obair a dhéanann tú féin?/Cén post atá agatsa?
8.2	Ag fiafraí de dhuine cén áit a bhfuil tú ag obair agus ag freagairt na ceiste sin	Cén áit a bhfuil tú ag obair? Tá mé ag obair i monarcha
8.3	Ag labhairt faoi do stádas oibre	Tá mé féinfhostaithe. Tá mé dífhostaithe.
8.4	Ag fiafraí de dhuine an dtaitníonn a phost leis/léi agus ag freagairt na ceiste sin	An maith leat do phost? Is maith/Ní maith. Ní maith liom ar chor ar bith é. Tá sé ceart go leor.
8.5	Ag fiafraí de dhuine an bhfuil post áirithe aige/aici agus ag freagairt na ceiste sin	An siúinéir tú? Is ea/Ní hea. Ní hea – is tiománaí mé/Ní hea – múinteoir atá ionam.
8.6	Ag cur síos ar choinníollacha oibre	Is post lánaimseartha/páirtaimseartha é. Is post sealadach/buan é.
8.7	Ag cur ceiste faoi choinníollacha oibre agus ag freagairt na ceiste sin	An post lánaimseartha é? Is ea/Ní hea. Cad iad na huaireanta a oibríonn tú? Oibrím gach lá óna hocht go dtí a cúig.

Nóisin ghinearálta (Gramadach)	**Samplaí**
Ceisteanna agus freagraí san aimsir láithreach	Cén áit a bhfuil tú ag obair?
An chopail	An siúinéir tú?
An forainm réamhfhoclach **I**	Ionam
An réamhfhocal **I(n)**	I dteach tábhairne in óstán

Sain-nóisin (Stór focal)	**Samplaí**
Poist (ceann an fhoghlaimeora san áireamh)	dochtúir altra/banaltra rúnaí tiománaí múinteoir freastalaí meicneoir tógálaí cúntóir siopa mac léinn
Áiteanna oibre	ospidéal/otharlann oifig scoil siopa monarcha óstán teach tábhairne
Coinníollacha oibre	tuarastal pá páirtaimseartha lánaimseartha sealadach buan

Beidh an foghlaimeoir ábalta …

Labhairt:
Cur síos an-simplí a thabhairt ar a p(h)ost agus ar na coinníollacha oibre.

Éisteacht:
Ceisteanna simplí ag baint lena phost a thuiscint; a bheith in ann focail agus frásaí a thuiscint i gcomhrá faoi chúrsaí oibre.

Léamh:
Ainmneacha na bpost is coitianta a aithint agus na príomhphointí mar gheall ar obair a thuiscint i gcuntas scríofa.

Scríobh:
Cur síos simplí a scríobh faoina p(h)ost.

Topaic 9: Bia agus deoch

	Feidhmeanna	Samplaí
9.1	Ag rá go bhfuil tart nó ocras ort	Tá tart orm. Tá ocras orm.
9.2	Ag ainmniú cineálacha éagsúla bia agus deochanna	(Cupán) tae (Gloine) bainne Pionta beorach Arán
9.3	Ag rá cad na cineálacha bia agus deochanna a itheann agus a ólann tú	Ithim gach cineál bia. Ní ithim feoil. Ólaim fíon dearg.
9.4	Ag cur ceiste ar dhuine cad na cineálacha bia agus deochanna a itheann agus a ólann sé/sí	An itheann tú iasc? An ólann tú uisce beatha?
9.5	Ag cur tuairimí in iúl	Ní maith liom iasc. Is breá liom glasraí.
9.6	Ag ordú bia agus dí	Caife dubh, le do thoil. Gloine bainne, le do thoil. An t-iasc, le do thoil.
9.7	Ag cur ceiste cé mhéad atá rud éigin agus ag freagairt na ceiste sin	Cé mhéad sin? Trí euro, le do thoil.
9.8	Ag lorg an bhille	An bille, le do thoil.
9.9	Ag tairiscint dí do dhuine agus ag glacadh agus ag diúltú do thairiscint	Ar mhaith leat deoch? Ba mhaith, le do thoil. Níor mhaith, go raibh maith agat.

Nóisin ghinearálta (Gramadach)	**Samplaí**
Na bunuimhreacha	euro amháin …10 euro
An t-alt roimh ainmfhocal	an t-iasc

Sain-nóisin (Stór focal)	**Samplaí**
Na príomhchineálacha bia agus dí.	arán im feoil glasraí iasc prátaí rís siúcra bainne (cupán) tae (cupán) caife (gloine) uisce gloine beorach uisce beatha fíon
Ag ithe i mbialann	bia béile deoch freastalaí biachlár an chéad chúrsa an príomhchúrsa milseog an bille

Beidh an foghlaimeoir ábalta …

Labhairt:

Na príomhchineálacha bia agus deoch a thaitníonn leis/léi a ainmniú agus ceist a chur ar dhaoine eile faoin ábhar céanna. Béile simplí a ordú agus tuairim an-simplí a nochtadh faoi bhéile. An bille a iarraidh agus deoch a thairiscint do dhuine

Éisteacht:

Beidh tuiscint ag an fhoghlaimeoir ar cheisteanna simplí agus cur síos bunúsach ar an ábhar céanna.

Léamh:

Na príomhfhocail ar bhiachlár simplí a aithint.

Topaic 10: Tinneas agus gortuithe

	Feidhmeanna	Samplaí
10.1	Ag rá nach bhfuil tú ag mothú go maith	Níl mé ag mothú go maith. Tá mé tinn.
10.2	Ag cur ceiste ar dhuine eile cad atá mícheart leis/léi agus ag freagairt na ceiste sin	Cad é atá ort? Tá tinneas cinn orm. Tá pian i mo bholg.
10.3	Ag léiriú comhbhá le duine	Is mór an trua sin. A chréatúir!
10.4	Ag cur ceiste ar dhuine an mothaíonn sé/sí níos fearr agus ag freagairt na ceiste sin	An bhfuil tú níos fearr? Tá, go raibh maith agat. Tá mé níos fearr anois. Níl, tá mé níos measa.
10.5	Ag tabhairt eolais faoi thinneas/gortú	Bhí mé ag an dochtúir. Bhí mé san otharlann. Ghortaigh mé mo chos.
10.6	Ag rá go bhfuil tú tuirseach	Tá mé tuirseach.

Nóisin ghinearálta (Gramadach)	**Samplaí**
Forainmneacha réamhfhoclacha	orm, ort, air, uirthi agam, agat, aige, aici
Céimeanna comparáide na haidiachta	níos measa níos fearr
An aimsir chaite	Ghortaigh mé… Bhris mé… Leon mé…
Aidiachtaí sealbhacha	mo lámh do chos

Sain-nóisin (Stór focal)	**Samplaí**
Baill bheatha	cluas súil ceann srón (gaosán) muineál sciathán cos bolg lámh méar glúin
Tinnis	tinneas cinn slaghdán scornach thinn/sceadamán nimhneach casachtach tinneas fiacaile/déideadh dochtúir otharlann/ospidéal

Beidh an foghlaimeoir ábalta …

Labhairt:
Na príomhpháirteanna den chorp, na príomhthinnis agus na príomhghortuithe a ainmniú. Ceisteanna simplí a chur ar dhaoine eile faoin chaoi a bhfuil siad ag mothú, faoi cad atá mícheart leo nó an bhfuil siad ag mothú níos fearr. Ráitis an-simplí a dhéanamh faoi na nithe céanna.

Éisteacht:
Ceisteanna simplí agus cur síos an-simplí a bhaineann leis na nithe thuas a thuiscint.

Léamh:
Focail agus frásaí a bhaineann leis an ábhar seo a aithint. Comhráite simplí scríofa a bhaineann leis an ábhar a léamh.

Scríobh:
Na príomhfhocail agus na príomhfhrásaí a bhaineann le tinneas agus gortuithe a scríobh.

Topaic 11: Éadaí agus siopadóireacht

	Feidhmeanna	Samplaí
11.1	Ag ainmniú cineálacha éagsúla éadaí	Geansaí Bríste
11.2	Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi dhath	Cén dath atá air? (Dath) dearg.
11.3	Ag cur tuairimí in iúl.	Tá an geansaí sin go deas. Tá an sciorta seo rómhór. Is maith liom an bríste dearg.
11.4	Ag lorg agus ag tabhairt tuairimí	An maith leat an sciorta seo? Is maith. Is breá liom é. Ní maith liom in aon chor é.
11.5	Ag déanamh idirdhealú idir earraí éagsúla	Cé acu ceann? An ceann dearg. An ceann seo.
11.6	Ag fiafraí faoi chostas agus ag tabhairt eolais faoi chostas	Cé mhéad atá ar an léine sin? Tríocha Euro.

Nóisin ghinearálta (Gramadach)	**Samplaí**
Aidiachtaí san uimhir uatha agus uimhir iolra	geansaí deas léine bhuí bróga dubha
Na réimíreanna ‘ró’ agus ‘an’	rómhór ró-éadrom an-deas
Uimhreacha	deich euro, fiche euro, tríocha euro… céad euro
Aidiachtaí taispeántacha	seo, sin

Sain-nóisin (Stór focal)	**Samplaí**
Cineálacha éadaí	geansaí bríste léine fo-éadaí sciorta gúna culaith stocaí bróga cóta
Dathanna	dubh bán dearg buí gorm glas donn dath oráiste
Aidiachtaí	deas saor daor beag mór éadrom dorcha

Beidh an foghlaimeoir ábalta …

Labhairt:
Na príomhbhaill éadaigh agus na príomhdhathanna a ainmniú. Tuairimí an-simplí a chur in iúl faoi chineálacha éadaí. Ceist a chur faoi chostas.

Éisteacht:
Beidh tuiscint ag an fhoghlaimeoir ar chur síos an-simplí a bhaineann le baill éadaigh, an dath atá orthu agus an costas a bhaineann leo.

Léamh:
Ainmneacha na bpríomhbhall éadaigh agus na dathanna a thuiscint. Praghsanna simplí a thuiscint.

Topaic 12: Laethanta saoire agus taisteal

Nóisin ghinearálta (Gramadach)	**Samplaí**
An aimsir chaite den bhriathar	d'fhan, thaitin, d'ith, d'ól…
Ceisteanna agus freagraí san aimsir chaite	ar fhan..? ar thaitin..? an raibh..?
Na réamhfhocail **i** agus **sa**	i Meiriceá i Sasana i gCeanada sa Fhrainc sa Spáinn
Aidiachtaí	deas cairdiúil saor daor
Na réimíreanna **an** agus **ró**	an-fhliuch róthe

Sain-nóisin (Stór focal)	**Samplaí**
Tíortha	Meiriceá Ceanada Sasana an Spáinn an Fhrainc an Iodáil
An aimsir	fuar te fliuch scamallach sneachta (trom)
Cineálacha lóistín	óstán árasán brú carbhán
Pointí ama	seachtain coicís mí

Beidh an foghlaimeoir ábalta …

Labhairt:
Beidh an foghlaimeoir in ann ceisteanna simplí a chur ar dhaoine faoi laethanta saoire. Beidh sé/sí in ann ceisteanna a chur agus cur síos an-simplí a thabhairt faoin áit, an aimsir, an bia agus na daoine.

Éisteacht:
Tuigfidh an foghlaimeoir ceisteanna simplí agus cur síos an-simplí a bhaineann le laethanta saoire.

Léamh:
Beidh na foghlaimeoirí in ann na príomhfhocail agus na príomhfhrásaí a bhaineann le laethanta saoire a aithint. Beidh siad in ann cur síos an-simplí faoi laethanta saoire a thuiscint mar shampla, cuntas dialainne.

Scríobh:
Beidh na foghlaimeoirí in ann frásaí an-simplí a scríobh a bhaineann le laethanta saoire a bhí acu. Mar shampla, cuntas dialainne a bhfuil cúpla abairt ann.

Topaic 13: Orduithe

Sain-nóisin (Stór focal)	**Samplaí**
Orduithe	bí déan imigh ith nigh glan téigh tar suigh fan dún/druid oscail coimhéad seachain

Nóisin ghinearálta (Gramadach)	**Samplaí**
An modh ordaitheach, uatha agus iolra, dearfach agus diúltach	cas téigh lean imigh…
An aidiacht shealbhach	Nígí bhur n-aghaidh. D'aghaidh/bhur n-aghaidh

Beidh an foghlaimeoir ábalta …

Labhairt:
Orduithe simplí a thabhairt do dhaoine fásta agus do pháistí. Orduithe simplí a thabhairt sa teach agus foláireamh a thabhairt do dhuine.

Éisteacht:
Orduithe simplí agus foláirimh a thuiscint.

Léamh:
Orduithe a bhíonn le feiceáil go coitianta a thuiscint. Mar shampla, 'Ciúnas', 'Seachain do cheann' agus araile.

Topaic 14: Ag déanamh socruithe

	Feidhmeanna	Samplaí
14.1	Ag cur ceiste ar dhuine an mbeidh sé saor agus ag freagairt na ceiste sin	An mbeidh tú saor san oíche amárach? Beidh. Cén fáth? Ní bheidh. Tá mé ag obair.
14.2	Ag tagairt d'ócáidí éagsúla	Tá breithlá ag Seán. Tá cóisir ag Bernie. Tá Pól ag pósadh.
14.3	Ag cur ceiste cén uair a bheas rud éigin ar siúl agus ag freagairt na ceiste sin	Cén uair?/Cathain? Meán Fómhair seo chugainn. Dé Sathairn seo chugainn. Dé Domhnaigh ar a hocht.
14.4	Ag tabhairt cuiridh do dhuine	Ar mhaith leat dul liom? Ar mhaith leat dul go dtí an phictiúrlann?
14.5	Ag glacadh le agus ag diúltú do chuireadh	Ba bhreá liom. Ba bhreá liom, ach tá mé ag obair.
14.6	Ag gabháil leithscéil	Tá brón orm.
14.7	Ag socrú ama	Cén t-am a gcasfaimid le chéile? Timpeall a hocht.
14.8	Ag socrú áite	Cén áit a mbuailfidh mé leat? Taobh amuigh den phictiúrlann. Sa chaife nua sin.

Sain-nóisin (Stór focal)	**Samplaí**
Ócáidí sóisialta	cóisir bainis/pósadh breithlá scannán dráma seisiún ceoil ceolchoirm
Míonna na bliana	Eanáir Feabhra Márta Aibreán Bealtaine Meitheamh Iúil Lúnasa Meán Fómhair Deireadh Fómhair Samhain Nollaig

Nóisin ghinearálta (Gramadach)	**Samplaí**
An aimsir fháistineach den bhriathar (ceisteanna agus freagraí)	An mbeidh tú..? Beidh/Ní bheidh.

Beidh an foghlaimeoir ábalta …

Labhairt:
A fháil amach an bhfuil duine saor agus tagairt a dhéanamh do na príomhócáidí sóisialta. Cuireadh a thabhairt agus glacadh le cuireadh nó diúltú do chuireadh. Socruithe simplí a dhéanamh a bhaineann le ham agus le háit.

Éisteacht:
Ceisteanna agus comhráite simplí a bhaineann le cuirí agus ócáidí sóisialta a thuiscint.

Léamh:
Cuirí an-simplí a thuiscint.

Scríobh:
Cuirí simplí a scríobh. Nóta an-simplí a scríobh ag glacadh le nó ag diúltú do chuireadh.